Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7962/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0108(NLE)**

**PECHE 104**
**N 17**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 165 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 165 final.

Faoi iamh: COM(2022) 165 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2022
COM(2022) 165 final

2022/0108 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ós rud é go rabhthas ag leanúint den phlé idir an tAontas agus an Iorua i mí an Mhárta 2022 maidir le rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar uiscí Spitzbergen (Svalbard) le haghaidh cabhlaigh an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc (*Gadus morhua*), chuir an Chomhairle síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm chuóta sealadach de chuid an Aontais de 4500 tona le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES ón 31 Márta 2022 go dtí an 30 Aibreán 2022 (Rialachán (AE) 2022//[…[1]]). Chuir an Iorua síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm chuóta sealadach de chuid an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard go dtí an 30 Aibreán 2022.

Táthar ag leanúint den phlé go fóill idir an tAontas agus an Iorua maidir le rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar uiscí Svalbard le haghaidh cabhlaigh an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc. Go dtí go mbeidh toradh ar an bplé sin, molann an Coimisiún go socróidh an Chomhairle cuóta de chuid an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES, sula rachaidh an tréimhse shínithe a cuireadh le cur i bhfeidhm chuóta sealadach de chuid an Aontais in éag an 30 Aibreán 2022. Na deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES, marcáiltear *pm* (*pro memoria*) orthu go dtí go mbeidh toradh ar an bplé sin. A luaithe a bheidh toradh an phlé sin ar eolas, cuirfear faoi bhráid na Comhairle páipéar leathoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin ina leagfar amach na deiseanna ábhartha iascaireachta.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le cuspóirí agus le rialacha CBI agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta a mholtar comhsheasmhach le beartais eile an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

### • Comhréireacht

Leis an togra leithdháiltear na deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[2]. De bhun Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE)

---

[1] Rialachán (AE) 2022/[...] ón gComhairle

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE)

Uimh. 1380/2013, tá cinneadh le déanamh ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a bhféadfar na deiseanna iascaireachta a leithdháiltear orthu a leithdháileadh ar shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu i gcomhréir le critéir áirithe maidir le le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, tá an corrlach lánroghnach is gá le feidhmiú ag na Ballstáit agus an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) leithdháilte á leithdháileadh acu a chumhdaítear leis an togra a bhaineann leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch dá rogha.

Ní bheidh aon impleacht airgeadais nua ag an togra do na Ballstáit. Socraíonn an Chomhairle deiseanna iascaireachta gach bliain agus tá na hacmhainní poiblí agus príobháideacha chun é a chur chun feidhme i bhfeidhm cheana féin.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Rialachán.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Le linn an phlé leis an Iorua maidir le rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar uiscí Svalbard le haghaidh cabhlaigh an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas agus chuaigh sé i gcomhairle leo, go háirithe le hionadaithe thionscal na hiascaireachta agus leis an gComhairle Comhairlí Fadraoin. Choinnigh an Coimisiún teagmháil rialta freisin le húdaráis riaracháin na mBallstát trí chruinnithe teicniúla agus trí chruinnithe de chuid mheitheal na Comhairle um an mbeartas iascaigh.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bunófar an togra ar an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus ar an bplé leis na páirtithe lena mbaineann.

- **Measúnú tionchair**

Déileáladh le haon ghné is ábhartha le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar na deiseanna iascaireachta a chumhdaítear leis an togra le linn ullmhú agus sheoladh an phlé leis an Iorua.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

---

Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lgh. 22-61).

## 5. EILIMINTÍ EILE

Deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) (‘Conradh Pháras 1920’) rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht.

I mí na Nollaig 2020, bhunaigh an Iorua cuóta de chuid an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard do 2021 i reachtaíocht na hIorua a bhí i bhfad níos ísle (6 760 tona níos ísle) ná cuóta an Aontais a bhunaigh an Chomhairle i mí na Nollag 2020 maidir le trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES le haghaidh 2021 (Rialachán (AE) 2021/92[3]).

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an Iorua i rith 2021 agus 2022, agus leanann sé de bheith i dteagmháil léi maidir leis an tsaincheist sin.

[3] Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lgh. 31-192).

2022/0108 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/109[1] ón gComhairle socraíodh le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle, bunaíodh, don chéad ráithe in 2022, cuóta sealadach de chuid an Aontais de 4500 tona le haghaidh cabhlaigh an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc (*Gadus morhua*) in uiscí Spitzbergen (Svalbard) agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES. Le Rialachán (AE) 2022[…[2]] ón gComhairle, cuireadh síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm an chuóta shealadaigh sin de chuid an Aontais de 4500 tona go dtí an 30 Aibreán 2022.

(3) Ba cheart cuóta de chuid an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES a shocrú sula rachaidh an tréimhse shínithe a cuireadh le cur i bhfeidhm chuóta sealadach de chuid an Aontais in éag an 30 Aibreán 2022. Ba cheart an cuóta sin de chuid an Aontais a shocrú i gcomhréir le toradh an phlé idir an tAontas agus an Iorua maidir le rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar uiscí Svalbard le haghaidh cabhlaigh iascaireachta an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc.

(4) Ba cheart aon chuóta a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle[3], scair na Polainne den chuóta de chuid an Aontais agus faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

---

[1] Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lgh. 1-164).

[2] Rialachán (AE) 2022/[...] ón gComhairle

[3] Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála do throsc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a leithdháileadh agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir.

(6) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/109 ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasú ar Rialachán (AE) 2022/109*

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 mar a leanas:

In Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú tábla:

‘

| Speiceas: | An trosc<br>*Gadus morhua* | | | Limistéar: | 1 agus 2b<br>(COD/1/2B.) |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | | *pm* | (1)(2) | TAC anailíseach<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.<br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Spáinn | | *pm* | (1)(2) | | |
| An Fhrainc | | *pm* | (1)(2) | | |
| An Pholainn | | *pm* | (1)(2) | | |
| An Phortaingéil | | *pm* | (1)(2) | | |
| Ballstáit eile | | *pm* | (1)(2)(3) | | |
| An tAontas | | *pm* | (1)(2) | | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | | |

(1) Tá cionroinnt sciar an stoic troisc atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitsbergen agus Oileán na mBéar agus na foghabhálacha gaolmhara cadóg go hiomlán gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.

(2) Féadfaidh suas le 14 % de gach dola a bheith ina fhoghabhálacha cadóg. Tá na cainníochta foghabhálacha cadóg sa bhreis ar na cuótaí troisc.

(3) Seachas an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (COD/1/2B_AMS).

’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*